FRONTEX

# 2020

## GO HACHOMAIR




AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM AN NGARDA TEORANN AGUS CÓSTA



54 780
131 641
Land
Sea



**Fabrice Leggeri**
Stiúrthóir
Feidhmiúcháin

## BLIAIN NACH BHFACA MUINTIR AN DOMHAIN, MUINTIR NA HEORPA NÁ FRONTEX, AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM AN NGARDA TEORANN AGUS CÓSTA, A LEITHÉID RIAMH BA EA 2020.

Beag beann ar an bpaindéim dhomhanda, leanadh ar aghaidh leis an obair atá ar bun againn chun an Limistéar Eorpach Saoirse, Slándála agus Ceartais a shlánú. Go deimhin, rinneamar fiosrú ar bhealaí nua inar féidir linn tacú lenár gcuid comhpháirtithe le linn na tréimhse deacra seo.

Ní hamháin gur léirigh Frontex athléimneacht in 2020, ach léiríomar solúbthacht freisin – le linn dúinn gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheoladh, tacaíocht a thabhairt don fhilleadh, Buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a oiliúint agus tacú leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta trasteorann.

Chruthaigh Frontex gur comhpháirtí iontaofa é d'údaráis náisiúnta agus Eorpacha, agus ionchur ríthábhachtach á sholáthar aige maidir le bainistiú géarchéime AE.

Lean an ghníomhaireacht de bheith ag fás go tapa. In 2020, sáraíodh líon na mball foirne atá againn, is é sin breis agus 1000 duine anois, lena n-áirítear na hearcaigh nua chuig buanchór Frontex.

Athraíonn an buanchór an scéal ó bhonn do Frontex agus don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach ar fad. Cruthaíonn sé sárthairbhí le haghaidh fheidhmiú cuí na dteorainneacha seachtracha agus tabharfaidh sé tuilleadh solúbthachta don Ghníomhaireacht maidir leis an gcaoi a n-imscaraimid ár n-oifigigh agus maidir leis an áit inar féidir linn iad a imscaradh.

A bhuí leis an gcór nua, beidh raon feidhme níos leithne gníomhaíochta ar fáil dúinn i réimsí an bhainistithe imirce, fhorfheidhmiú an dlí agus an gharda cósta. Fágann sé sin nach mbeidh Frontex frithghníomhach a thuilleadh agus é ag freagairt d'éigeandálaí ag na teorainneacha. Éascóidh an cór nua tuairisciú níos fearr ar ár ngníomhaíochtaí oibríochtúla freisin. Cuirfidh an buanchór ar chumas do Frontex leanúint lena bhunathrú ó Ghníomhaireacht AE ina ghníomhaí oibríochtúil agus ina chomhpháirtí oibríochtúil i réimse fhorfheidhmiú an dlí. Roimh i bhfad, beidh níos mó ball foirne de chuid Frontex ag obair ar an láthair ná sa cheanncheathrú i Vársá.

Léiríodh go soiléir le linn phaindéim COVID-19 go n-imríonn an rialú teorann ról ríthábhachtach maidir le limistéar Schengen atá saor ó theorainneacha a chosaint ar bhagairtí ar an tsláinte phoiblí, go háirithe iad sin a bhaineann le paindéimí. Mar an gcéanna, leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), a bhfuil Frontex ar tí ról lárnach a imirt ann, cabhrófar lena mheasúnú cé acu a ghabhann nó nach ngabhann ardriosca eipidéimeach le daoine a thaistealaíonn chuig an AE.

Inár gcuid gníomhaíochtaí oibríochtúla, leanfaimid le haird a thabhairt ar COVID-19 le linn dúinn an buanchór a imscaradh agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit. Agus coinneoimid i dteagmháil leanúnach le gníomhaireachtaí ábhartha AE agus le seirbhísí de chuid an Choimisiúin a phléann le hábhair shláinte agus shláintíochta.

An tráth céanna, tá creat ceart bunúsach á threisiú againn i gcomhar leis an Oifigeach um Chearta Bunúsacha ad interim, leis an mBord Bainistíochta, leis an bhFóram Comhairliúcháin, leis an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha agus leis an gCoimisiún Eorpach. Táimid tiomanta do na caighdeáin is airde a áirithiú i ngach a ndéanaimid agus tá urraim do chearta bunúsacha ina comhpháirt riachtanach de bhainistiú éifeachtach teorainneacha.

# Buaicphointí na bliana

**EANÁIR**

Faigheann Frontex níos mó ná 7000 iarratas ar na róil nua mar Oifigigh de chuid an Gharda Teorann Eorpaigh

**FEABHRA**



Tugann Margaritis Schinas, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus an Coimisinéir Johansson cuairt ar Frontex

**MÁRTA**



Seolann Frontex mear-idirghabháil teorann ar theorainneacha seachtracha na Gréige

**AIBREÁN**



Leanann na Ballstáit le tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí Frontex sa Ghréig

**BEALTAINE**



Roghnaíonn Frontex an chéad ghrúpa de bhaill amach anseo dá bhuanchór

**MEITHEAMH**



Comhaontaíonn Frontex agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha leis an lucht faireacháin ar chearta bunúsacha a bhunú

**IÚIL**

Seolann Frontex an dara hoibríocht dá chuid lasmuigh d'AE

**LÚNASA**



Cabhraíonn foireann K9 Frontex leis an Spáinn 4.6 tona de dhrugaí ar fiú EUR 26 mhilliún iad a idircheapadh

**MEÁN FÓMHAIR**



Cabhraíonn Frontex leis an gcéad fhilleadh comhpháirteach deonach trí chairteitilt a eagrú

**DEIREADH FÓMHAIR**



Seolann Frontex an dara hoibríocht dá chuid i Montainéagró

**SAMHAIN**



Comhstiúrann Frontex oibríocht chun gáinneáil ar leanaí a chomhrac

**NOLLAIG**



Gabhtar na milliúin toitíní ag teorainneacha thoir AE

# An bhliain de réir na bhfigiúirí



**13 170**

AN LÍON DAOINE A TARRTHÁLADH LE TACAÍOCHT Ó FRONTEX



**3 885**

AN LÍON DOICIMÉAD CALAOISEACH A BRAITHEADH



**742**

AN LÍON SMUIGLÉIRÍ DAOINE A SAINAITHNÍODH



**453**

AN LÍON SMUIGLÉIRÍ DRUGAÍ A SAINAITHNÍODH

# 1 030

AN LÍON EITILTÍ FAIREACHAIS ILCHUSPÓIRIGH AEIR

# 420

AN LÍON OIFIGEACH BUANCHÓIR A OILEADH

# 1 000

AN LÍON OIFIGEACH AG TEORAINNEACHA AN AONTAIS EORPAIGH GACH MÍ

# 146

AN LÍON ARMÁN A URGHABHADH

# 147

AN LÍON TONAÍ DRUGAÍ A AIMSÍODH

# An Chéad Seirbhís faoi Éide de chuid AE a Thógáil

EUROPEAN BORDER AND COAST GUARD

FRONTEX

# An Chéad Seirbhís faoi Éide de chuid AE a Thógáil

Bhunaigh Frontex an chéad seirbhís faoi éide de chuid na hEorpa riamh: Buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Cruthaíonn an buanchór sárthairbhí maidir le feidhmiú na dteorainneacha seachtracha ar mhaithe le treisiú le saorghluaiseacht na gcéadta milliún Eorpach, cónaitheoirí eachtracha agus cuairteoirí laistigh den Réimse Saoirse, Slándála agus Ceartais.

Tugann an buanchór tuilleadh solúbthachta do Frontex maidir le cén dóigh a n-imscarann sé a oifigigh agus maidir le cén áit ar féidir leis iad a imscaradh. Tugann sé raon feidhme níos leithne gníomhaíochta i réimsí an bhainistithe imirce agus an fhillte, na slándála agus fhorfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear ar muir.

Cuimsíonn an buanchór trí chatagóir. Tá an chéad cheann comhdhéanta d'oifigigh atá fostaithe go díreach ag Frontex, agus ní ag na Ballstáit aonair. Tá an dara catagóir comhdhéanta d'oifigigh náisiúnta a thugtar ar iasacht do Frontex ar feadh dhá bhliain ar a laghad. Tá an tríú catagóir comhdhéanta d'oifigigh náisiúnta a imscartar chuig oibríochtaí na Gníomhaireachta ar feadh tréimhsí níos giorra ama, a mhaireann roinnt míonna de ghnáth.

Leis an mbuanchór nuachruthaithe, tá Frontex i láthair sna háiteanna sin ina bhfuil tacaíocht ag teastáil ó thíortha Eorpacha, agus é ag obair i gcomhar leo chun an Eoraip níos sábháilte agus níos sláine a bhaint amach.

SEICEÁLACHA TEORANN

FAIREACHAS TEORAINNEACHA

FEIDHMEANNA GARDA CÓSTA, LENA N-ÁIRÍTEAR CUARDACH AGUS TARRTHÁIL

DAOINE A CHUR AR AIS ABHAILE




AN CHOIREACHT TRASTEORANN A CHOMHRAC

FAISNÉIS A BHAILIÚ AGUS A CHOMHROINNT

# Tacaíocht sholúbtha




Caitheann gardaí teorann atá fostaithe go díreach ag Frontex éide uathúil Eorpach, lena ndéantar ionadaíocht don Aontas Eorpach ar fad. Is féidir leo cúraimí a chur i gcrích amhail céannacht agus náisiúntacht duine a fhíorú, dul isteach in AE a cheadú nó a dhiúltú agus patról a dhéanamh idir pointí trasnaithe teorann. Glacann siad páirt in oibríochtaí um fhilleadh freisin. Tairgimid tacaíocht oibríochtúil sholúbtha, agus oifigigh agus trealamh amhail eitleáin agus soithí á seoladh againn chuig limistéir ina bhfuil an gá is mó ag údaráis náisiúnta leo. Imríonn oifigigh an bhuanchóir Eorpaigh ról ríthábhachtach sa phróiseas sin. Is féidir iad a imscaradh go tapa ag teorainneacha seachtracha AE agus níos faide i gcéin.



5 Samhain

Táimid ag dul faoi oiliúint le chéile ar deireadh! Tá na chéad earcaigh chuig an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach tar éis a n-aghaidh a thabhairt ar dhá láthair sa Pholainn chun tús a chur lena n-oiliúint i bpearsa. Go dtí seo, b'éigean do gach duine den 260 duine díobh páirt a ghlacadh i gcúrsaí ar líne mar gheall ar shrianta a bhaineann le #COVID19. Bainfidh siad triail sa chleachtas anois as na nithe uile a d'fhoghlaim siad ar líne. Beag beann ar na dúshláin uile, tá siad ar an mbóthar ceart chun a n-oiliúint a chríochnú i mbliana agus chun bheith réidh lena n-imscaradh i mí Eanáir.

Sheol Frontex an chéad fheachtas earcaíochta don chéad chatagóir den bhuanchór i mí Dheireadh Fómhair 2019, agus 7 500 iarratas ar 700 post á bhfáil aige ó gach cuid den mhór-roinn. Chaith na daoine sin a roghnaíodh an chuid is mó de 2020 i mbun oiliúna lena n-imscaradh ar fud theorainneacha na hEorpa. Cnámh droma an chóir nua is ea an chéad aicme sin de ghardaí teorann, a thabharfaidh tacaíocht bhuan d'údaráis náisiúnta a bhíonn ag déileáil le dúshláin ag a dteorainneacha seachtracha. Is féidir go n-oibreoidh baill den chór lasmuigh den Aontas Eorpach freisin, i dtíortha a shínigh Comhaontuithe Stádais leis an AE. Tá na chéad earcaigh réidh anois le héide ghorm Frontex a chur orthu agus lena n-imscaradh ag na teorainneacha seachtracha go luath in 2021.

# Buail leis na hearcaigh






Seo í Jelena ón gCróit 🇭🇷 , duine de na chéad earcaigh chuig buanchór #Frontex , an chéad seirbhís faoi éide de chuid AE.  Tabharfaidh Frontex deis dom freastal ar mo phobal ar leibhéal níos airde.  Agus teorainneacha an Aontais Eorpaigh á gcosaint agam, bím ag tabhairt cosaint do mo thír féin an tráth céanna #ImirceAE #buanchór

Seo í Raquel, earcach chuig #Buanchór #Frontex as an bPortaingéil 🇵🇹: Rinne mé iarratas chuig #Frontex toisc go raibh mé ag iarraidh obair lasmuigh de mo thír dhúchais. D'fhoghlaim mé den chéad uair riamh conas doiciméid bhrionnaithe nó bhréagacha a bhrath. Is é an rud is deacra, áfach, go mbím i bhfad ar shiúl ó mo leanaí.






Seo é Diego, earcach chuig #Buanchór Frontex as an Iodáil 🇮🇹: Chuaigh mé isteach sa bhuanchór toisc go raibh mé ag iarraidh an choireacht eagraithe a chomhrac, rud a théann thar theorainneacha #ImirceAE

Seo é Nicolae, earcach chuig #Buanchór Frontex as an Rómáin 🇷🇴: Is breá liom dúshláin, agus is dúshlán a bheidh in obair do #Frontex chun an choireacht trasteorann a chomhrac. Tá taithí láidir agam ar fhorfheidhmiú an dlí agus tá súil agam go leathnóidh mé an taithí sin i réimsí amhail calaois doiciméad #ImirceAE



# Tacaíocht oibríochtúil le linn Covid-19





# Ag na teorainneacha



21 Aibreán
An mhí seo cheana féin, rinneadh 1.8 tona de threalamh cosanta, níos mó ná 10 000 masc san áireamh, a sheachadadh chuig an nGréig ar eitleáin #Frontex d'oifigigh atá ag tabhairt cabhrach ag a teorainneacha.

De réir mar a rinne COVID-19 difear do gach cuid dár saol agus dár n-institiúidí in 2020, lean Frontex le tacaíocht oibríochtúil a thabhairt do na Ballstáit feadh theorainneacha seachtracha talún agus farraige an Aontais Eorpaigh.

Gach mí, bhíodh breis agus 1000 oifigeach san iomlán de chuid Frontex ag obair sa Ghréig, san Iodáil, sa Spáinn (na hOileáin Chanáracha san áireamh), sa Chipir agus i réigiún na mBalcán, agus iad ag cabhrú leis an Aontas Eorpach déileáil le dúshláin ag a theorainneacha seachtracha.

Cuireadh dúshlán romhainn go léir le linn phaindéim COVID agus thaispeáin Frontex athléimneacht agus é ag dul i ngleic leis an dúshlán nua sin. Thugamar raon leathan beart cosanta isteach go tapa, faoi mar a mhol údaráis sláinte náisiúnta.

I mí Aibreáin, mar fhreagairt láithreach don ghéarchéim, cheannaigh an Ghníomhaireacht dhá thona de threalamh cosanta (lenar áiríodh 30 000 masc aghaidhe) agus bhunaigh sí maolán straitéiseach 250 000 masc i gcás ina mbeadh ganntanas tobann Trealaimh Chosanta Pearsanta ann.

Bhunaigh Frontex lárionad lóistíochta in Thessaloniki, atá ar an bpríomh-mhol dáileacháin do na soláthairtí uile dár ngníomhaíochtaí oibríochtúla sa réigiún tábhachtach sin.

In éineacht le 48 gcinn de ghníomhaireachtaí agus institiúidí AE, sheol Frontex tairiscint oscailte idirinstitiúideach i mí Mheán Fómhair le haghaidh Trealamh Cosanta Pearsanta agus míreanna sláintíochta a sholáthar ar mhaithe le sábháilteacht ár mball foirne uile ar an láthair a áirithiú.

I bhfianaise eitiltí tráchtála a chur ar fionraí agus teorainneacha talún a dhúnadh san earrach, rinne Frontex oifigigh a iompar chuig ár n-oibríochtaí agus uathu araon ar chairteitleáin chun a áirithiú go mbeadh siad go léir i bhfeidhm agus chun trealamh riachtanach cosanta pearsanta a sheoladh.

## RÉIMSÍ DE PHRÍOMHOIBRÍOCHTAÍ FRONTEX

**AN SPÁINN**
OIBRÍOCHTAÍ INDALO AGUS MINERVA



**AN IODÁIL**
OIBRÍOCHT CHOMHPHÁIRTEACH THEMIS



**AN BHULGÁIR**



**AN GHRÉIG**
OIBRÍOCHT CHOMHPHÁIRTEACH POSEIDON SEA, MEAR-IDIRGHABHÁIL TEORANN EVROS SA GHRÉIG



**NA BALCÁIN THIAR**
AN ALBÁIN, MONTAINÉAGRÓ





23 Márta
Fan sábháilte agus #fansabhaile! Níl aon sos ann ó theorainneacha na hEorpa a chosaint, agus oibríochtaí #Frontex fós i bhfeidhm. Tá 1 000 oifigeach ag obair chun ár dteorainneacha a choinneáil sábháilte, agus iad ag tacú le Ballstáit AE trí oibríochtaí sa Ghréig, sa Bhulgáir, san Iodáil agus sa Spáinn

# Mear-idirghabháil teorann sa Ghréig




I mí an Mhárta, d’aontaigh Frontex le mear-idirghabháil teorann a sheoladh chun cabhrú leis an nGréig déileáil leis an líon mór imirceach ag a teorainneacha seachtracha farraige agus talún.

Ag cruinniú de chuid Bhord Bainistíochta Frontex, mhol an Coimisiún Eorpach dearbhú dlúthpháirtíochta leis an nGréig, rud inar luadh an gá a bhí ann le mear-idirghabháil. Thacaigh na Ballstáit uile leis an moladh sin.

21 Bealtaine
D'aontaigh #Frontex lena mhear-idirghabhálacha teorann sa Ghréig a fhadú suas go tús mhí Iúil. Leanfaimid le tacaíocht a thabhairt don Ghréig teorainneacha talún agus farraige na hEorpa a chosaint trí oifigigh bhreise agus trealamh breise a sholáthar #GardaTeorannEorpach



Roimh aon ghníomhaíocht oibríochtúil atá faoi stiúir ag Frontex, déantar anailís riosca chúramach agus measúnú cuimsitheach ar dhálaí. In 2020, tháirg an Ghníomhaireacht tuarascálacha anailíseacha ar bheagnach gach cuid den teorainn agus ar fheiniméin choireachta trasteorann agus d'fhorbair sí cásanna ina bhféadfadh COVID-19 difear a dhéanamh d'obair Frontex. Áiríodh leo sin tuarascálacha anailíse riosca inar soláthraíodh fadbhreathnaitheacht straitéiseach i leith bagairtí agus dúshláin amach anseo i réimse bhainistiú teorainneacha AE.

Chun treisiú le cumas na mBallstát AE freagairt do dhúshláin ag na teorainneacha, tháirg Frontex 29 measúnú in 2020. Sheiceáil an Ghníomhaireacht an fháil ar threalamh teicniúil, córais, inniúlachtaí, acmhainní, bonneagar agus baill foirne na mBallstát a theastaíonn le haghaidh rialú teorann agus rinne sí anailís ar dhálaí feadh codanna ar leith den teorainn. Is é sin an dóigh a rannchuidíonn Frontex le hardleibhéal éifeachtúil aonfhoirmeach rialaithe teorann ag teorainneacha seachtracha AE.

# Tacaíocht ilchuspóireach




Coinníonn Frontex súil ghéar ar dhálaí ag teorainneacha na hEorpa agus níos faide i gcéin. Tugann Frontex tacaíocht ilchuspóireach, agus raon seirbhísí ar bun aige, lena n-áirítear faireachán ar dhálaí, fís-sruthú fíor-ama ó aerárthaí faireachais agus anailís riosca.

Úsáideadh eitleáin Frontex ar níos mó ná 1 000 misean in 2020 chun tacú leis an bPolainn drong idirnáisiúnta smuigleála tobac a bhriseadh suas, chun tacú leis an gCipir iascaireacht neamhdhleathach a bhrath agus chun tacú leis an Iodáil agus leis an nGréig rialú teorann agus cuardach agus tarrtháil a chur i gcrích agus truailliú muirí a bhrath.

Táimid i láthair ag teorainneacha seachtracha AE, lena n-áirítear i limistéir réamhtheorann amhail an Mheánmhuir, agus sinn ag cabhrú le léargas cuimsitheach a thabhairt ar dhálaí agus, an tráth céanna, ag sábháil beatha daoine a bhuí lenár n-inniúlachtaí faireacháin fíor-ama agus freagartha tapa. Úsáideadh eitleáin Frontex chun faireachán a dhéanamh ar an Meánmhuir láir, ar an Muir Aeigéach, ar an Muir Dhubh, ar Mhuir Aidriad agus ar Mhuir Bhailt in 2020. D'eitlíomar thar theorainneacha talún sa Pholainn, sa tSlóvaic, sa Chróit agus san Ungáir freisin.

Agus saineolaithe ó na Ballstáit AE, ó thíortha nach Ballstáit AE iad amhail an Albáin agus Montainéagró agus ó ghníomhaireachtaí AE ag obair le chéile i gceanncheathrú Frontex i Vársá, d'éirigh an Ghníomhaireacht ina gníomhaí riachtanach maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a chomhordú ag teorainneacha seachtracha na hEorpa.

## TACAÍOCHT ILCHUSPÓIREACH AERGA FRONTEX IN 2020






Samhain 5

Amharc ar an dóigh ar úsáideadh eitleán de chuid #Frontex chun tacú le @Straz_Granicza drong idirnáisiúnta smuigleála tobac a bhriseadh suas. Ghabh údaráis na Polainne cúigear smuigléirí amhrasta agus d'urghabh siad toitíní neamhdhleathacha arbh fhiú EUR 1.2 milliún iad



28 Meán Fómhair

Agus é á úsáid i bpatról lasmuigh de Lampedusa mar chuid d'oibríocht Themis, aimsíodh le heitleán de chuid #Frontex bád iascaireachta Túinéiseach amhrasach laistigh d'uiscí na hIodáile. Chuireamar @GuardiaCostiera ar an eolas faoi sin, a d'imscar soitheach patróil de chuid #Frontex ansin. Idircheapadh leis an soitheach patróil an bád iascaireachta, agus a eangacha san fharraige go fóill, toisc go raibh sé i mbun iascaireacht neamhdhleathach. Seolaimid an fhaisnéis ar fad faoi iascaireacht neamhdhleathach chuig an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach mar chuid dár n-obair chomhpháirteach mar gharda cósta AE #GardaCóstaAE

# Coireacht thrasteorann a chomhrac

Is í slándáil theorainneacha seachtracha na hEorpa an tosaíocht atá againn. Feadh na teorainneacha go léir, cabhraíonn oifigigh Frontex le húdaráis náisiúnta dul i ngleic leis an gcoiriúlacht. Smuigleáil drugaí, armán agus carranna goidte, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine, tá siad go léir ina ndúshláin a ndéileálann na Ballstáit AE leo ag a dteorainneacha. Oiltear oifigigh Frontex sa choireacht a bhrath agus seoltar iad chuig áiteanna éagsúla feadh theorainneacha an Aontais Eorpaigh chun cabhrú le húdaráis náisiúnta an choireacht a chomhrac agus chun a gcuid saineolais a chomhroinnt.

Chomhordaigh Frontex trí Lá Gníomhaíochta Comhpháirtí agus chomhstiúir sé dhá Lá Gníomhaíochta Comhpháirtí in 2020 – is ionann iad sin agus oibríochtaí idirnáisiúnta ina dtugtar le chéile údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus gníomhaireachtaí AE, Europol agus Eurojust ina measc, chun dul i ngleic leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe. Comhordaíodh na hoibríochtaí sin faoi scáth an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gcoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT).

## Oifigigh um choireacht trasteorann a bhrath

Teastaíonn ón Eoraip saineolaithe a bheidh in ann cineálacha difriúla coireachta a thabhairt faoi deara. Mar sin, go luath i mí an Mhárta, d'eagraigh Frontex cúrsa d'oifigigh ó ocht dtír AE chun iad a oiliúint ina saineolaithe um choireacht trasteorann a bhrath. Seoladh an cúrsa oiliúna san Eastóin, ar lena linn a cumhdaíodh coireacht ag teorainneacha talún agus farraige agus coireacht ag calafoirt araon. Chleacht rannpháirtithe na scileanna atá riachtanach le haghaidh coireacht trasteorann a bhrath agus a chosc, lena n-áirítear calaois doiciméad, gáinneáil ar dhaoine agus sceimhlitheoireacht. Tá na hoifigigh á n-imscaradh in oibríochtaí Frontex anois, Laethanta Gníomhaíochta Comhpháirtí ina measc.

## AN TORADH AR LAETHANTA GNÍOMHAÍOCHTA COMHPHÁIRTÍ SA BHLIAIN 2020*

**74**
AN LÍON SMUIGLÉIRÍ DAOINE

**419**
AN LÍON GÁINNEÁLAITHE AR LEANAÍ

**249**
AN LÍON DAOINE AR ÍOSPARTAIGH FHÉIDEARTHA NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE IAD

**423**
AN LÍON DOICIMÉAD CALAOISEACH

**1 819**
AN LÍON CILEAGRAM DE DHRUGAÍ

**384**
AN LÍON CARR GOIDTE

**38**
AN LÍON TOITÍNÍ INA MHILLIÚIN

**51**
ARM

* Stiúir Frontex Laethanta Gníomhaíochta Comhpháirtí Danube 5, Mobile 3 agus Arktos 2 agus chomhstiúir sé Lá Gníomhaíochta Comhpháirtí Oirdheisceart na hEorpa agus Lá Gníomhaíochta EMPACT ar Gháinneáil ar Dhaoine

# Scéalta ratha





27 Deireadh Fómhair

Urghabhann údaráis 350 carr goidte agus 1000 comhpháirt ghoidte chairr in oibríocht idirnáisiúnta a bhí faoi stiúir ag #Frontex. Chomhstiúir @Europol an oibríocht, a bhfuarthas tacaíocht ina leith ó @INTERPOL_HQ agus ó na céadta daoine de ghardaí cósta agus de phóilíní ó 22 tír #ImirceAE #buanchór





Meán Fómhair 30

Chuamar i bpáirt le 34 tír, le gníomhaireachtaí AE agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta i gcniogbheartaíocht idirnáisiúnta in aghaidh na coireachta in Oirdheisceart na hEorpa. Torthaí Gabhadh 166 duine agus urghabhadh 51 arm agus 47 kg de dhrugaí #EMPACT #NíosLáidreLeChéile

Tuilleadh faisnéise ag bit.ly/eon8WFQ

# Lasmuigh den AE




Is minic a bhíonn tionchar díreach ag cúrsaí lasmuigh den Aontas Eorpach ar ár gcuid sábháilteachta agus slándála. Is é sin an fáth a bhfuil Frontex a leanann lena chomhar a leathnú thar theorainneacha le tíortha lasmuigh den AE, áit a bhfuil gníomhaíochtaí oibríochtúla, oiliúint, filleadh agus líonra oifigeach idirchaidrimh i bhfeidhm aige.

Leanann mórlíonra oifigeach idirchaidrimh Frontex agus líon méadaithe gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta le hiontaoibh a chur chun cinn i gcomharsanacht an AE agus in áiteanna níos faide i gcéin. I mí Eanáir 2020, d'imscar Frontex oifigeach idirchaidrimh dá chuid chuig Dacár, an tSeineagáil. Is é an t-oifigeach idirchaidrimh sin an ceathrú hoifigeach idirchaidrimh de chuid Frontex lasmuigh den Aontas Eorpach.

Ag teacht sna sála ar an gcéad oibríocht a sheol an Ghníomhaireacht lasmuigh den AE, rud a seoladh san Albáin sa bhliain 2019, sheol Frontex dhá oibríocht i Montainéagró – ceann amháin ag a teorainneacha talún agus ceann eile ar muir.

### COIREACHT TRASTEORANN A CHOMHRAC SAN ALBÁIN

A bhuí le faisnéis a fuarthas ó oifigigh de chuid Frontex a imscaradh chuig an Albáin, bhí na húdaráis áitiúla in ann tús a chur le hoibríocht póilíneachta ar dá barr a gabhadh 15 smuigléir daoine agus a urghabhadh 50 carr in ocht ngníomhaíocht rathúla póilíneachta i mbliana. In an-chuid de na cásanna sin, gabhadh na coirpigh amhrasta agus iad i mbun gnímh.

## FRONTEX LASMUIGH DEN AE IN 2020




### Sláinte ag na teorainneacha

Léiríodh go soiléir le linn phaindéim COVID-19 go bhfuil ról le himirt ag Frontex i sláinte agus sábháilteacht a chosaint ag na teorainneacha.
Mar fhreagairt do COVID-19, tá Frontex ag neartú a chomhpháirtíochta le húdaráis sláinte poiblí, le húdaráis sláintíochta, le húdaráis chustaim agus le húdaráis forfheidhmithe dlí. I dteannta a chéile, tugaimid tacaíocht do na húdaráis de chuid tíortha lasmuigh den Eoraip freisin.
Chuir Frontex topaic na sláinte agus na sábháilteachta ag na teorainneacha leis an tionscadal EU4BorderSecurity dá chuid, ar tionscadal é a dtacaíonn DG NEAR sa Choimisiún Eorpach leis agus a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar na hiarrachtaí comhpháirteacha atá ar bun i réimsí difriúla de bhainistiú teorainneacha agus de shlándáil teorann idir tíortha AE agus tíortha na Leiveainte agus Thuaisceart na hAfraice.
I mí na Nollag, d'eagraigh Frontex seimineár Gréasáin leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce chun topaic an bhainistithe sláinte, teorainneacha agus soghluaisteachta a phlé.



# Gáinneáil ar leanaí a chomhrac

Chuaigh Frontex agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce i bpáirt lena chéile chun tacú leis an gcomhrac in aghaidh gáinneáil ar leanaí agus smuigleáil leanaí san Aontas Eorpach, sa Mheánoirthear agus i dTuaisceart na hAfraice. Sa chéad cheann de shraith gníomhaíochtaí comhpháirteacha, thug an Ghníomhaireacht saineolaithe ar chosaint leanaí, údaráis forfheidhmithe dlí agus déantóirí beartas le chéile chun uirlisí a thabhairt isteach le haghaidh gáinneáil ar leanaí agus smuigleáil leanaí a chomhrac. Ceann de na gníomhaíochtaí sin is ea oiliúint a chur ar ghardaí teorann, a bhíonn ar na chéad oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí agus ar na hoifigigh dheiridh um fhorfheidhmiú an dlí ar féidir leo íospartaigh na coire gráinniúla seo a shainaithint ina lán cásanna. Tá Frontex ag obair go gníomhach sa réimse sin le blianta anuas, ag obair dó i gcomhar le gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar speisialtóirí sa réimse iad. Lena linn sin, chuir sé lámhleabhair le chéile do ghardaí teorann maidir le conas íospartaigh fhéideartha a bhrath agus iad a atreorú le haghaidh cúnaimh.

Le haghaidh na hócáide, d'eisíomar leagan Araibise den *Lámhleabhar VEGA: Leanaí ag Aerfoirt* ó Frontex. Tugtar treoir sa lámhleabhar sin do ghardaí teorann agus d'oibrithe aerfoirt maidir le cúnamh a thabhairt do leanaí leochaileacha.


FRONTEX
دليل VEGA:
الأطفال في المطارات

# Filleadh éifeachtach



Ós rud é gur cuireadh stop le heitiltí ar fud na hEorpa go luath in 2020 agus go raibh srian ollmhór ann le teorainneacha a thrasnú de bharr ráig COVID-19, bhí ar Frontex a oibríochtaí um fhilleadh a chur in oiriúint do na dálaí nua.

Rinneamar an méid sin trínár dtacaíocht fillte do na Ballstáit a leathnú chun maolú a dhéanamh ar éifeachtaí na paindéime ar an obair fillte a bhí ar bun ag údaráis ar fud na hEorpa.

Thosaigh an Ghníomhaireacht ar thástálacha COVID-19 a mhaoiniú le haghaidh rannpháirtithe in oibríochtaí um fhilleadh, rud a chabhraigh leis na Ballstáit eitiltí fillte a chealú nó a chur in áirithe an athuair. Thosaigh sí ar thacaíocht a thabhairt d'fhilleadh deonach freisin.

Lean Frontex le cabhair a thabhairt d'údaráis náisiúnta agus iad ag sainaithint fillithe, lena n-áirítear trí chórais físchomhdhála, agus thacaigh sé leis an obair atá ar bun ag naonúr Oifigeach Idirchaidrimh Eorpach um Fhilleadh i dtíortha nach Ballstáit AE iad.
A bhuí leis na hiarrachtaí sin, d'fhill na Ballstáit breis agus 12 000 duine nach náisiúnaigh AE iad le tacaíocht ón nGníomhaireacht. B'ionann an líon sin agus laghdú 24% ar an líon a filleadh in 2019.

## OIBRÍOCHTAÍ UM FHILLEADH IN 2020




In 2020, chomhordaigh an ghníomhaireacht 232 oibríocht um fhilleadh ar chairteitiltí chuig 28 ceann scríbe, agus an líon eitiltí chuig na Balcáin Thiar á mhéadú aici.
Chabhraigh Frontex leis na Ballstáit freisin 3 981 duine a fhilleadh chuig 83 ceann scríbe ar eitiltí sceidealaithe.

# Filleadh deonach: réimse nua do Frontex



I mí Eanáir, thosaigh Frontex ar thacaíocht a thabhairt do thíortha AE i réimse nua ar fad, mar atá filleadh deonach. I gcás an chineáil fillte sin, is amhlaidh, maidir leis na daoine a dtugtar ordú dóibh tír a fhágáil, go bhfágfaidh siad an tír de réir a saorthola féin.

Is féidir le Frontex tacú le húdaráis náisiúnta trí thacaíocht theicniúil a thabhairt d'fhilleadh deonach ar eitiltí sceidealaithe agus ar chairteitiltí araon, lena n-áirítear aerárthaí a chairtfhostú. Ag deireadh na bliana, bhí an cineál sin fillte freagrach cheana féin as geall le duine amháin as gach cúigear a filleadh le tacaíocht ó Frontex agus meastar go leanfaidh an líon sin ar aghaidh ag fás. Thosaigh Frontex go luath ar chúnamh athimeasctha a thairiscint do dhaoine atá ag filleadh ar a dtír dhúchais.



## An próiseas um fhilleadh a dhigitiú

Lean Frontex lena iarrachtaí an próiseas um fhilleadh a dhigitiú. Chuir an Ghníomhaireacht leagan nuashonraithe dá córas bainistíochta cásanna um fhilleadh i láthair in 2020 agus d'iarr roinnt Ballstát tacaíocht cheana féin chun a gcórais náisiúnta TF a ailíniú leis an tsamhail.



Bealtaine 27

Thacaigh #Frontex le húdaráis na Cipire 107 náisiúnach Seoirseach a fhilleadh ó Larnaca go Tbilisi. Bhí na saoránaigh Sheoirseacha in ann filleadh go sábháilte ar a dtír dhúchais inné. Ba é an filleadh deonach is mó atá faoi chomhordú ag Frontex go dtí seo é.

# Freagairt chomhordaithe do ghéarchéimeanna




Ní hé amháin gur léirigh Frontex athléimneacht in 2020, ach léiríomar solúbthacht freisin: le linn dúinn gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheoladh, tacaíocht a thabhairt don fhilleadh, Buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a oiliúint agus tacú leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta trasteorann.

Chuaigh Frontex i dtaithí ar imthosca COVID-19 ar an láthair agus sa cheanncheathrú araon go tapa.

Tháirg Lárionad Staide Frontex tuarascáil laethúil ar COVID-19, rud inar tugadh an t-eolas is deireanaí ar na bearta is déanaí atá á ndéanamh ag teorainneacha na hEorpa, mar aon le léarscáil de shrianta COVID-19 ar fhorchuir na Ballstáit iad, rud a scaipeadh go forleathan. Chomhroinneamar í le húdaráis náisiúnta teorann timpeall na hEorpa, leis an gCoimisiún Eorpach agus le hinstitiúidí Eorpacha eile.

Ar iarraidh a fháil ón gCoimisiún Eorpach, d'eisigh an Ghníomhaireacht tuarascálacha do na Ballstáit inar tugadh treoir oibríochtúil dóibh maidir le deireadh a chur leis an srianadh sealadach ar thaisteal neamhéigeantach chuig an Aontas Eorpach, rud a forchuireadh de bharr COVID-19.




Márta 16

Ó tháinig an chéad cheann riamh de chásanna COVID-19 chun cinn seachtain ó shin amach, tá an Fhoireann Freagartha Straitéisí do Ghéarchéimeanna de chuid Frontex ag obair gach lá, ar lena linn atá sí ag déanamh faireachán ar oibríochtaí Frontex ag teorainneacha seachtracha agus ag tabhairt cúram d'fhoireann Frontex sa cheanncheathrú i Vársá agus ar an láthair.

## An chill géarchéime

De réir mar a d'éirigh COVID-19 ina shaincheist dhomhanda, thosaigh an tionchar a bhí air ag déanamh difear do gach cuid dár nGníomhaireacht. Ós rud é go bhfuil líon an-ard pearsan againn fud fad na mór-roinne, bhí sé riachtanach bearta speisialta a dhéanamh chun leanúnachas gnó a choinneáil ar bun, agus sláinte agus sábháilteacht ár bpearsan á n-áirithiú ag an am céanna.

Is é sin an fáth ar bunaíodh Cill Géarchéime COVID. Tá an Chill á comhordú ag Lárionad Staide Frontex agus tugann sí ionadaithe ó na príomhaonaid uile de chuid Frontex le chéile chun go mbeifear in ann comhordú cothrománach a dhéanamh go mear ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcoróinvíreas. Chuir an Chill Géarchéime ar ár gcumas fadhbanna a bhaineann le COVID a shainaithint ar an toirt agus réitigh nithiúla a mholadh go tapa do lucht bainistíochta Frontex.

Déileálann an Chill Ghéarchéime le raon leathan saincheisteanna a dhéanann difear do phearsana na Gníomhaireachta, mar atá: faireachán a dhéanamh ar an staid a bhíonn ag athrú san Eoraip; faireachán a dhéanamh ar bhearta sábháilteachta laistigh d'áitreabh Frontex; trealamh cosanta pearsanta a fháil agus a sheoladh le haghaidh na n-oifigeach a imscartar inár n-oibríochtaí; teagmháil a dhéanamh le hospidéil áitiúla; líne chabhrach a bhunú do bhaill foirne; teilea-oibriú a bhainistiú; sealobair a chomhordú; agus faireachán a dhéanamh ar dhúntaí.

# Nuálaíocht a chur leis an rialú teorann



Trasnaíonn na milliúin phaisinéirí teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh gach bliain. Ceann de na príomhdhúshláin a rachaidh Ballstáit AE i ngleic leo sna blianta atá le teacht is ea sábháilteacht agus slándáil theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a áirithiú, agus soghluaisteacht á háirithiú ag an am céanna.

Thacaigh Frontex leis na Ballstáit agus iad ag ullmhú do Chóras Dul Isteach/Imeachta an AE a chur chun feidhme, ar córas é lena gclárófar faisnéis faoi dhul isteach agus imeacht na náisiúnach nach náisiúnaigh AE iad atá ag trasnú na dteorainneacha seachtracha agus faoi dhiúltuithe cead isteach a thabhairt do na náisiúnaigh sin.Chabhraigh an Ghníomhaireacht freisin le teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt le haghaidh rialú teorann.

## TODHCHAÍ AN BHAINISTITHE CHOMHTHÁITE TEORAINNEACHA SAN EORAIP A MHÚNLÚ

In 2020, mhéadaigh Frontex a rannpháirtíocht i bhformhaoirseacht a dhéanamh ar thionscadail a bhaineann le slándáil teorann faoi Fís – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht.

Rinne an ghníomhaireacht gníomhaíochtaí taighde a chomhordú agus a stiúradh sa réimse um nuálaíocht slándála teorann, agus í ag cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach teicneolaíocht úrscothach a fhorbairt lena bhfreagraítear do na



riachtanais oibríochtúla a bhaineann le cosaint níos fearr do theorainneacha AE.

Áiríodh iad seo le roinnt de na tionscadail ar chabhraigh Frontex lena bhforbairt in 2020: comhéadain iomasacha úsáideora agus ríomhairí inchaite a dtacaíonn Intleacht Shaorga leo; teicneolaíocht fíoraithe aghaidhe agus imrisc 3T le haghaidh eispéireas trasnaithe teorann "fíorshaoil"; céannacht dhigiteach atá bunaithe ar theicneolaíocht blocshlabhra; agus gléasanna láimhe le haghaidh drugaí a bhrath.



16 Márta
Táimid ag ullmhú do thodhchaí an rialaithe teorann. Tá an tAontas Eorpach ag dul ar aghaidh le réitigh éagsúla "theorainneacha cliste" a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Córas Dul Isteach/Imeachta. Beimid ag tástáil réitigh theicneolaíochta ar ball chun an cúram sin a chur i gcrích.

# Na príomhthionscadail agus na príomhócáidí



## CRUINNITHE RÉIGIÚNACHA LE CINN NA N-ÚDARÁS TEORANN AGUS NA N-ÚDARÁS FORFHEIDHMITHE DLÍ

I mí Mheán Fómhair, thionóil Stiúrthóir Feidhmiúcháin Frontex sraith comhdhálacha réigiúnacha le cinn na n-údarás náisiúnta éagsúla forfheidhmithe dlí a phléann leis na gnéithe uile de Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip. Is é an toradh atá ar na cruinnithe bliantúla, a cuireadh ar siúl ar líne, go gcumasaítear do Frontex, do Bhallstáit AE agus do Thíortha atá Comhlachaithe le Schengen idirphlé oibríochtúil ríthábhachtach a choinneáil ar bun ar theorainneacha na hEorpa a chosaint agus ar shlándáil a saoránach a áirithiú.

## LAETHANTA TIONSCAIL FRONTEX

I mí na Samhna, d'eagraigh Frontex laethanta tionscail fíorúla chun na teicneolaíochtaí is nuaí agus na táirgí is nuaí i mbainistiú teorainneacha a thaispeáint agus a phlé.

Tugadh 177 rannpháirtí le chéile le haghaidh na hócáide. Áiríodh leo rannpháirtithe ó údaráis Bhallstáit AE, ó ghníomhaireachtaí Eorpacha amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, eu-LISA agus an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí, i measc gníomhaireachtaí eile; ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó OLAF agus ón gComhairle Eorpach; agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, Oifig Ard- Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus Frontex.



Ba é an toradh a bhí ar na Laethanta Tionscail gur soláthraíodh léargais luachmhara ar na forbairtí teicneolaíochta is déanaí agus na treochtaí is déanaí i réimse an bhainistithe teorainneacha, go háirithe maidir le bithmhéadracht, le hanailís mórshonraí, le teicneolaíochtaí seiceála teorann agus le faireachas teorann.

### An Chéad Chruinniú Comhchéime Eorpach-Arabach maidir le Bainistiú Teorainneacha agus Slándáil Teorann

I mí na Nollag, d'eagraigh Frontex agus Ardrúnaíocht Chomhairle na nAirí Inmheánacha Arabacha an chéad Chruinniú Comhchéime Eorpach-Arabach ar Bhainistiú Teorainneacha agus Slándáil Teorann. Tugadh le chéile 32 tír, lena n-áirítear 18 mBallstát AE agus 14 Stát Arabacha, le haghaidh na hócáide chun an iliomad dúshlán atá ann ag na teorainneacha a phlé.

### An Dara Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le Bithmhéadracht do Theorainneacha

I mí na Nollag, ba rannpháirtithe gníomhacha sa dara comhdháil maidir le Bithmhéadracht do Theorainneacha iad saineolaithe ó na húdaráis gharda teorann atá freagrach as bainistiú teorainneacha san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain, déantóirí beartas agus gníomhaireachtaí AE agus ionadaithe taighde agus tionscail.

I mbliana, díríodh sa chomhdháil ar an gCóras Dul Isteach/Imeachta a chur chun feidhme ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh.

# Breathnú ar aghaidh




Tiocfaidh a lán athruithe agus a lán dúshlán chun cinn in 2021.

Sa bhliain atá le teacht, beidh orainn ár nGníomhaireacht féin agus an dóigh a n-oibríonn sí a bhunathrú chun feabhais. Ní mór dúinn bheith réidh leis na céadta gardaí teorann de chuid Frontex a imscaradh ag teorainneacha Eorpacha éagsúla.

Is amhlaidh roimh i bhfad gur mó an líon daoine a bheidh ag obair ar an láthair ná an líon a bheidh ag obair do Frontex inár gceanncheathrú i Vársá.

Ní mór dúinn oifigí réigiúnacha a chruthú a dhéileálfaidh le gardaí teorann Frontex a imscaradh sna Ballstáit agus ní mór dúinn struchtúir a ullmhú laistigh den Ghníomhaireacht chun an t-ardlíon oifigeach sin a bhainistiú – ar mhaithe lena n-imscaradh, leis an oiliúint a chuirtear orthu agus le gach gné eile dá gcuid oibre a eagrú.

Den chéad uair riamh, is amhlaidh sna míonna tosaigh den bhliain seo chugainn go mbeimid in ann oifigigh a mbeidh éidí gorma Frontex orthu a fheiceáil den chéad uair riamh ag na teorainneacha seachtracha. Is don Eoraip ar fad,




agus ní dá n-údaráis náisiúnta, a bheidh siad ag déanamh ionadaíochta.

Níl ansin ach gné amháin dá bhfuil i ndán dúinn.

An bhliain seo chugainn, tosóidh Frontex ar an mbealach a réiteach don Chóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a chur i bhfeidhm in 2022.

Beidh Frontex i gceannas ar láraonad ETIAS. Leis an gcóras nua seo déanfar slándáil Limistéar Schengen a neartú trí luathscagadh a dhéanamh ar dhaoine ar féidir leo taisteal isteach san AE gan víosa.

Imreoidh Frontex ról fíorthábhachtach in ETIAS maidir leis na hiarratais ar údarú taistil a fhíorú 24 uair an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain. Áiritheoidh sí freisin go ndéanfaidh an córas baoil a d'fhéadfadh a bheith ann do shábháilteacht phobal na hEorpa a aithint.

## LEAN MUID AR

facebook.com/frontex/

twitter.com/Frontex

linkedin.com/company/frontex/

youtube.com/user/FrontexEUAgency

© An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), 2021
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021

Plac Europejski 6
00-844 Vársá, an Pholainn
frontex@frontex.europa.eu
www.frontex.europa.eu

Leagan PDF:
TT-03-21-056-GA-N
ISBN 978-92-9471-979-9
doi: 10.2819/907068

20.0147 GA

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh